5 Eanáir 2010

LÁ NÁISIÚNTA CUIMHNEACHÁIN AN GHORTA MHÓIR 2010 LE REÁCHTÁIL I MURAISC, CO. MHAIGH EO

Inniu, rinne Éamon Ó Cuív T.D., an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, cur síos ar na pleananna atá ag Coiste Náisiúnta Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir do Lá Náisiúnta Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir 2010. Tá an méid seo a leanas aontaithe ag an gCoiste do chomóradh na bliana seo:

- Táthar ag moladh go reáchtálfar an ócáid náisiúnta ar an 16 Bealtaine 2010 i Muraisc, Co. Mhaigh Eo;
- Reáchtálfar an ócáid chomhuaineach náisiúnta i Nua Eabhrac;
- Spreagfar pobail ar fud na tíre chun a gcuid ócáidí áitiúla féin a reáchtáil chun comóradh a dhéanamh ar an nGorta Mór; agus
- Ba chóir do gach imeacht poiblí agus spóirt noiméad ciúnais a chur san áireamh ar Lá Náisiúnta Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir.

D'athraigh teip an bhairr fataí le linn na n1840dí saol na hÉireann go deo agus níl aon ócáid eile i stair na tíre ar féidir a chur i gcomparáid leis an nGorta Mór ó thaobh an tionchar láithreach a bhí aige agus an oidhreacht a d'fhág sé ina dhiaidh. Laghdaíodh daonra na hÉireann, a bhí os cionn 8 milliún i nDaonáireamh 1841, tuairim is 1.5 milliún trí bhás agus imirce. Go deimhin, fágann oidhreacht an Ghorta go bhfuil meas mór ag muintir na hÉireann ar chinnteacht bhia agus ceangal láidir againn le cabhair agus le faoiseamh daonnúil. Fágann sé freisin go bhfuil ionadaíocht láidir Éireannach thar lear i measc na náisiún a cruthaíodh trí imirce.

Bhí Iarthar na hÉireann, go háirithe Contae Mhaigh Eo, ar cheann de na ceantair ba mheasa a buaileadh le linn an Ghorta Mhóir agus is mar gheall ar sin a d'aontaigh Coiste Náisiúnta Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir go reáchtálfaí an ócáid Náisiúnta Chuimhneacháin i Muraisc, Co. Mhaigh Eo, áit a bhfuil Séadchomhartha Náisiúnta an Ghorta Mhóir.

Tá Séadchomhartha Náisiúnta an Ghorta Mhóir lonnaithe gar d'Ionad Cuairteoirí Chruach Phádraig agus nocht Uachtarán na hÉireann ag an am, Máire Mhic Róibín, an séadchomhartha i 1997. Léiríonn an dealbhóireacht le John Behan 'Long Báis' le cnámharlaigh agus déanann sí comóradh ar Ghorta Mór na n1840dí; is í an dealbhóireacht chré-umha is mó in Éirinn í. Nochtadh dealbhóireacht cosúil léi taobh amuigh d'fhoirgneamh na Náisiún Aontaithe i gCathair Nua Eabhrac a léiríonn na himircigh sin ar éirigh leo teacht slán as an turas go Meiriceá. D'fhógair an tAire Ó Cuív freisin inniu go reáchtálfar ócáid idirnáisiúnta an Ghorta Mhóir i Nua Eabhrac ag an am céanna leis an ócáid anseo i mí na Bealtaine 2010.

Dúirt an tAire Ó Cuív: "Tá mé thar a bheith sásta gur i Muraisc, Co. Mhaigh Eo, a bheidh searmanas Chomóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir in 2010 agus tá's agam go mbeidh an ócáid i Muraisc truamhéalach agus go dtabharfaidh sí an ómós oiriúnach dóibh siúd a bhásaigh agus a d'fhulaing caillteanas le linn an Ghorta Mór. Tá mé ag súil leis na comhráite a tharlóidh idir mo Roinnse agus na páirtithe leasmhara, cosúil le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Cumann Forbartha Mhuraisce, sna seachtainí atá amach romhainn chun na socruithe cuí a chur in áit chun an Lá Náisiúnta Cuimhneacháin a reáchtáil i Muraisc in 2010.".

Ghabh an tAire Ó Cuív buíochas arís le baill Choiste Náisiúnta Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir as a chinntiú go gcuimhnítear go cuí ar imeachtaí tubaisteacha an Ghorta Mhóir agus go ndéantar ceiliúradh mar is ceart ar na gníomhartha suntasacha atá déanta acu siúd a chuaigh ar imirce agus a sliocht thar lear.

Críoch